Uisce do Inis Bó Finne

Scéim £19,000 ar iarraiḋ R. Ó Maolḋia, T.D.

Ag freagairt ceiste ó R. Ó Maoilḋia, T.D., dúirt Innealtóir Condae na Gaillime go mbeiṫfí ag tosnú gan ṁoill ar scéim £19,000 ċun uisce píobáin a ċur ar fáil do ṁuintir Inis Bó Finne.

I litir ċuig an Teaċta Ó Maoilḋia, dúirt an tUasal Warner go ndéanfaḋ foireann innealtóireaċta na condae, gaċ rud a d'ḟéadfaḋ siad leis an obair a ċur ar siúl roiṁ deireaḋ na bliana seo.

Tá an Comhairle Condae ag tabairt uisce píobán do 80 don 88 tíṫear an oileán, pobal do 240, agus don scoil a ḃfuil 20 scoláirí ann, agus don teaċ ósta ar an Oileán.

Bíoḋ 2,000 daoine na gcónaí anseo taréis an gorta, aċ, ṫit sé go dtí 450 in 1959, agus go dtí 240 anois.

Níl leictreaċas ar biṫ ar an oileán, aċ tá Roinn na Gaeltaċta, a' tabairt gas buidéal díoḃa, cé gur ceist é an Gaeltaċt an t-oileán ċor ar biṫ. Níl gluaisteán ar biṫ ar an oileán.

Dúirt an tUasal Ó Maoilḋia, gur ċaiṫ a ṫeaġlaċ laeṫa saoire ana ṗléisiúrṫa ansin i mbliana, agus gur ṫuig sé an géarġá a ḃí leis an uisce.

Reiṫí i nGaillim

Fuartas 97 iarratais fá ċoinne deontaisí faoi scéim do premium réiṫí Coiste Talṁaíoċta na Gaillime, agus ceannaíoḋ reiṫí ar ċostas iomlán £1,772. Ċuir 100 isteaċ ar na deontaisí £5 atá le fáil, agus ċeannaiġ 97 na réiṫí ar meán-luaċ £18-5-0, rud atá £8 níos lú ná mar a ḃí anuraiḋ.

Ára Ṁór

Bhi achan dhuine ar an Oilean buartha nuair a thainig an sceala fa bhas Aodh O Domhnaill, Arainn Mhor, agus e ar laetha saoire lena neacht, i nDoire. Bhi an tUasal O Domhnaill ar pinsean le roinnt blianta, agus chaith se an chuid ba mho da shaol in Chicago, ait a raibh se na chaiptin ar cheann de na longa a bhionn ag seoladh ar na locha mora ansin. Chuaigh torramh mor leis go dti reilig Naomh Crona, ait ar dhuirt an tAthair O Dochartaigh, S.C., Aran Mhor, na paidreacha ag an uaigh. Ta mac agus inion leis ins na Stait Aontaithe.

Bua le Corcaiġ

Ċaill Gaillim a seans le beiṫí insan triú príoṁ ċluiċe nuair a ḃuaiġ Corcaí orṫa, 2-5 i gcoinnib 0-8. insan comórtas faoi 21. Cé gur imir siad cluiċe maiṫ, buaḋ ar Gaillim toisc meancóg a rinne na cosantóirí. Dá noiméad déag roiṁ an deireaḋ ḃí an dá ṫaoḃ coṫrom, 1-5 le 0-8, aċ nuair a rinne Raí Gilmore meancóg, fuair Corcaí an cúl a ṫug an ḃua díoḃa.

Deardaoin — 5.01, Amhrain Do Phaisti. 5.15, The Eagle of Benmore. 5.30, Wild and Woolly. 5.55, Weather Forecast. 6.01, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Question Time. 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, Is e Seo m'Oilean. 8.1, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, Corunna's Last Voyage. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Thanks For The Memory. 10.45, Recital. 11.30 News Summary.

Dé hAoine—5.01, Children at The Microphone. 5.30, More William. 5.55, Weather Forecast. 6.01, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien and his Records. 8.01, Amhrain. 8.15, A Munster Journal. 8.45, An La Sin a d'Fhag Mise Sraid an Chlochain Leith. 9.1, Symphony Concert. 9.55, Records. 10.30, Ad Lib. 11.15, Light Music from the Netherlands.

Dé Sathairn—5.1, Organ Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, By the Mountain Streams of Ulster. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, Invitation Concert. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.30, Mass. 12.30, The Second Vatican Council. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, An Coiciosan. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, Double Bill: The Twelve Pound Look: Play. The Will: Play. 4.35, Music from Scandinavia. 5.0, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Anything Goes. 8.0, The Return Room: Play. 9.20, Scaramouche—Suite for Two Pianos. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital.

Dé Luan—2.15, Pope Paul's Visit to the United Nations. 5.45, The Family of St. Therese of Lisieux. 5.55, Weather Forecast. 6.01, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Records. 7.45, Pope Paul at the United Nations: His Address to the Assembly and the Presentation of Dignitaries. 10.15, News. 10.30, Songs in the Night. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart— 5.01, Heidi. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, A Woman's World. 8.30, Characters from Carleton. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Near Slaney Side.

Dé Ceadaoin—5.01, The Disappointed Tiger. 5.15, Records For Children. 5.30, Birthday Time. 5.45, Na Misiuin Thar Lear. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Town Hall To-night. 7.30, Break For Music. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Seanad. 10.45, And Then Came Sound. 11.0, Pop Call.

Fáilte Roiṁ Ó hEiḋin

Ag cruinniú de Ċoiste Gairmoideaċas na Gaillime, cuireaḋ fáilte ar leiṫ roiṁ an Príoṁ-Oifigeaċ nua, an tUasal O. P. Ó hEiḋin.

Mac isea an tUasal Ó hEiḋin do Tomás Ó hEiḋin, naċ maireann, agus a ḃean, An Clárán, Bleá 'n Rí, agus fuair sé a ċuid oideaċais i gColáiste Naoṁ Seosaṁ, Gaillim, Coláiste Talṁaíoċta, Cnoc Beilliú, agus i gColáiste Ollscoile na Gaillime, agus Coláiste Ollscoile Áṫa Cliaṫ. Ḃí sé ina ṁúinteoir agus ina Ard-Ṁáistir i mBealaċ a' Dóirín, Co. Roscomáin, agus ina ċigire leis an Roinn Talṁaíoċta, agus le sé bliana anois, ḃí sé ina Ṗríoṁ Oifigeaċ Feiḋmeanais, i gCo. Ṁuineaċán. D'imir sé iománaíoċt le Coláiste Iolscoile na Gaillime agus Coláiste Iolscoile Ḃaile Áṫa Cliaṫ, agus ar son Condae na Gaillime ar níos mó ná ócáid aṁáin. Tá sé 43 bliana d'aois, pósta, agus triúr páistí aige.

Ċuir an Caṫaoirleaċ gníoṁaċ, Tomás Mac an Rí, céad míle fáilte roiṁ an Uasal Ó hEiḋin, ⁊ d'aontaiġ baill eile an ċoiste leis ag cur fáilte roiṁe. Ṫug an tUasal Ó hEiḋin buíoċas díoḃa as an ḟáilte.

Tá méadú ar scoláirí Gairmoideaċas lae, i gCondae na Gaillime, ó 1,304 anuraiḋ, go dtí 1,351 i mbliana, agus dúirt an Uríoṁ-Oifigeaċ go raiḃ tuilleaḋ macléinn ag clárú fós ins na scoltaċa beaga.

Stáisiún Taiġde Iascaireaċta

Ḃunófar an stáisiún taiġde iascaireaċta, gan mórán eile moille. Sin é adúirt an t-Aire Talṁaíoċta, an tUasal Caṫal Ó hEoċaiḋ, ag críoċnú Féile Slat Iascaireaċta Mara na Gaillime, i nGaillim Dé Doṁnaiġ.

Mar Aire Iascaireaċta, adúirt sé, ṫuig sé go maiṫ go raiḃ an costas s'againne taoḃ amuiġ den tairḃe tráċtála, an tarrantaċ don slat-iascaireaċt, agus go ḃféadfaḋ sin buntáiste mór a ḋéanaṁ don tír.

I nGaeilge a d'ḟáiltiġ Méire na Gaillime, B. Ó hUallaċáin Uasal, roiṁe, agus ṫráċt sé ar an am a raiḃ muintir an Ċladaí go léir ábálta a mbeaṫa a ḃaint as an aḟrraige. Ċuir sé fáilte ar leiṫ roiṁ S. S. Ó Súilleaḃáin, ó Ḃord Iascaiġ Ṁara, agus ṫug molaḋ dó as an obair a rinne sé don ṗlannda próiséisiṫe.

Dúirt S. Ó Cannaḃáin, Uaċtarán Cumann Slat Iascairí na Gaillime, go ḃféadfaí searcanna a ṫógáil comġaraċ don ċósta i mḂáiġ na Gaillime, agus go raiḃ seans ana ḃreá fá ċoinne slat iascaireaċt géime. D'ḟéadfaí an game seo ḟáil leaṫṁíle ó ċósta Ċonamara, san áit a gcaiṫfeaḋ slat-iascairí eile a ḋul cúig-ṁíle-déag amaċ ón ċósta.

Acaill v Iorras

Ag cruinniú de ċoiste Ċumann Lúṫ Ċleas Gael Muiġeo, i gCaisleán a' Ḃarraiġ, ċuir Donnċa Ó Gallċoḃair, Acaill, i gcoinniḃ craoḃ an ċluiċe leaṫ-ċeannais idir Muiġeo agus Beannċor Iorras, a ḃeiṫ á imirt ag Nuaport, agus dúirt sé gur ḃ'ḟearr leis an ċumann s'aige-san Caisleán a' Ḃarraiġ.

Dúirt an Caṫaoirleaċ, L. Mac Gaḃráin, gur Nuaport an áit a ba aisiúla don dá ḟoireann.

D Ó Gallċoḃair — Maolraiṫne an áit ab' aisiúla. Dúirt B. Ó Raġallaiġ, ó Cros Uí Ṁaoilḟíona go raiḃ Beannċor ag iarraiḋ Nuaport. Socraíoḋ ar ḃóta go n-imreófaí an cluiċe i gCaisleán a' Ḃarraiġ.

Ionsaí agus Cosc ar Sáirsint agus Gardaí

Ag an Ċúirt Dúiċe ar an Ḃunbeag, an tseaċtain seo caite cúisíoḋ Éamonn Ó Gallċoḃair, Céide, Ailt an Ċorráin, agus Niall Ó Doṁnaill, Rann na Feirste, Anagaire, as ionsaí ⁊ cosc ar an Sáirsint Seán C. Ó Beirn agus an Gárda P. de Baoise agus cúisíoḋ Bean Uí Uilson agus Treasa Ní Ġallċoḃair, as Céide, as a ḃeiṫ ar meisce agus aċrannaċ.

Ar son na gcosantóirí, ṗléadáil P. A. Ó Doṁnaill, T.D., ciontaċ, ar na cúiseanna go léir.

Ṫug an Sáirsint Ó Beirn fianaise go raiḃ sé ḟéin agus an Gárda de Baois ag ceistniú tiománaí, Eoin Ó Grianna, as Rann na Feirste, a raḃṫar dá ċúisiú as tiomáint ar meisce. Ṁoṫaiġ sé tuaim ó ċárr eile in aice leis agus ċuala sé duine éicint a rá—"Tá duine éicint ag déanaṁ ionsaí ar Eoin 'Ac Grianna." Dúirt sé ḟéin agus a ċomrádaí leis na daoine sa ċárr gur oifigiġ Gárdaí a ḃí iontu. Ḃí cuma troda ar na daoine a ḃí a' tarraingt orṫa. Ċonaic seisean iad ṫart ar an Gárda de Baois agus ċuaiġ sé a' ċuidiú leis. Ḃrúiġfear aṁáin siar é in éadan cárr eile, agus ḃuail sé ar an ċeann é. "Ṫug mé iarraiḋ na buillí a ċoinneáil uaim le mó láma aċ b'éigin dom an smaiċtín a ṫarraingt — adúirt sé. Ċonaic sé Bean Uí Uilson agus Bean Uí Gallċoḃair ṫart ar an nGárda de Baois. Ḃí an ḃeirt bán ag tabairt an trioblóid agus aċ gurb é iad, d'ḟéadfaí an scéal a ṡocrú ní ba luaiṫe. Ḃí lorg óil ar an ḃeirt acu, agus droċ ċaint acu. Ḟad agus ḃí an troid ar siúl d'imiġ 'Ac Grianna ina ġluaisteán.

Dá ċros-ċeistniú ag an Uasal Ó Doṁnaill, dúirt sé gur ṫárla sé taoḃ amuiġ de ṫeaċ tabairne ins na Maċaireaċa, Doire Beaga. Ḃí sé féin agus an Gárda ann.

An tUas. Ó Doṁnaill — Ḃí mí-ṫuiscint ann.

An Sáirsint — D'innis muid dioḃta gur Gárdaí muid.

Ag frea[g]airt an Uasal Ó Doṁnaill, dúirt an Sáirsint gur scoilteaḋ cloigeann Uí Doṁnaill, le buille den baton. B'éigin dó an baton a úsáid dá ċosaint féin. Ḃí na mná i mbárr a gcéille. Beirt deirfiúraċa ab' ea na mná, agus Bean Éamon Ó Gallċoḃair duine acu.

D'iarr an tUasal Ó Doṁnaill go gcaiṫfí amaċ an cás.

Ag freagairt an Ceannfort Ó Dúill, dúirt an Sáirsint go raiḃ lorg óil ar na mná, agus go raiḃ riad dá n-iompar féin go h-aċrannaċ. Ḃí cuma troda orṫa leis-san agus leis an Gárda de Baois. Ḃí siad a' rá naċ raiḃ muid ar dtíté agus go raiḃ muid indéiḋ ṫeaċt amaċ as Teaċ Tabairne.

Rinne an tUasal Ó Doṁnaill leiṫscéal ar son na gcosantóirí. Dúirt sé go raiḃ siad amuiġ ar oíċe ṗléisiúrṫa agus gur ṫrua gur ċríoċnaiġ sé mar seo.

An Giúistís Ó Lorcáin—Caiṫfiḋ mé é ġlacaḋ mar rud trom má ḃí siad ag cur isteaċ ar na nGárdaí.

An tUas. Ó Doṁnaill—Tuigim sin.

Lig an Giúistís Ó Lorcáin an ḃeirt ban ar ṡiúl faoi Aċt na gCéad Ċoirṫeaċ. Ċáin sé Ó Doṁnaill agus Ó Gallċoḃair £20 an duine. D'ísliġ sé an ċúis in éadan Eoin Ó Grianna, ó ḃeiṫ ar meisce agus ag tiomáint ar meisce, go dtí, ar meisce i gcúram gluaisteán, agus ċáin sé é £10.

Oiléan Árann

Fuair an tAṫair S. Mac na Mara, S.P., Cill Rónáin, Rúnaí Onóraċ Príoṁ Ċuan na Gaillime de Cumann na mḂád Tarrṫála, litir ón Aire Iompair agus Cumaċta: "D'iarr an tAire orm freagra tabairt ar an ċaint a ḋein R. Ó Maoilḋia, T.D., de tairḃe soláṫar petrol don ḃád tárrṫála tacaíoċta, atá in ionad ḃád tárrṫála ċuan na Gaillime, ḟad agus atá an ceann eile ag an stáisiún le h-agaiḋ deisiú. Ḃí an ċeist faoi ċaibidéal le C.I.E. agus tuigtear gur dearnaḋ socrú fá ċoinne lasta petrol a ċur ó Ros a' Ṁíl go Cill Rónáin ar an 10ú Meán-Fóṁair, 1965. Rinne an tAire éisceaċt don Naoṁ Eanna, ó coinníollaċa den Aċt Shipping, e[...]raí Dáinséaraċa, Rialaċa 1953, agus tá C.I.E. ag súil go mbeiṫfear ábálta petrol a iompar ó Gaillim go Cill Rónáin gan mórán eile moille."

Tuar Ṁic Éide

Tá údarás na Roinne Talṁaíoċta tugṫa do ṫaispeántas caoraċ sléiḃe ar an 4ú lá den mí seo, agus beiḋ premium le fáil faoi an scéim speisialta do réiṫí. Ḃéarfar na premiums seo de réiṫí de ċailíoċt árd, a ḃféadfaiḋ an Roinn Talṁaíoċt iad a ċeannaċ le scaipeaḋ ṫart imeasc feilméaraí sléiḃe. Nó is féidir le feilméaraí iad a ċeannaċt faoi scéim premium na Roinne. I fCo. Ṁuiġeo is féidir deontaisí a ḟáil leis na réiṫí seo a ċeannaċt, agus íocfaiḋ an Coiste Talṁaíoċt leaṫ an ċostais, suas go dtí ús méid de £12. Ní mór iarratas a ḋéanaṁ roiṁ - ré ċuig Coiste Talṁaíoċta, Ṁuiġeo.

Tá méadú mór insan ciste duaiseanna don ḃliain seo, agus tá an ċuid is mó de na Ranna foscailte. Tá comórtais ar leiṫ do ṗáistí scoile i bparáistí Partraí agus Lionán, agus tá 6 duaiseanna de £10 dá ṫabairt ag an Aṫair Cribben, S.C., fá ċoinne an uan-réiṫe agus an uan-ḃaineann is fearr a ṫaispeánann uáiste scoile. Caiṫfear a ḋearfú gur leis na páistí na h-uain, agus caiṫfiḋ siad a seilḃ a ċoiméad taréis an taispeántais. Tá seo le spreagaḋ a ṫaḃairt do díogras na ndaoine óga insan ḟeilméaraċt, agus mar spreagaḋ do tuismiṫeoirí ar roinnt stoc a ṫaḃairt do na h-ógánaí.

Ionad Forbarṫa i i dTíorṫa Eile

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

amaċ in gaċ réagún. Fuartas amaċ gur ḃ'ḟearr a d'oibreóḋ sé le ceantar forbarṫa tionscal, ⁊ ionaid forbarṫa tionscal, na h-ionaid baile aṁáin agus an comarsanaċt, agus na ceantair i réagúin níos mó. Ma h-údaráisí áitiúla agus coistí tráċtála, is bunús leis an forbairt.

Nuair a ainmnítear ceantar forbarṫa, ceaptar coiste oifigiúil, le airgead Stáit le dul ina ḃun.

Ins an ċeantair agus ionaid forbarṫa, soláṫríotar:

A. Seirḃísí dúṡraiṫe.
B. 20 p.c. de ċostas monarcan, agus 10 p.c. de ċostas innealra.
C. Iasaċtaí ag rátaí íseal.
D. Monarcan le fáil ar cíos íseal.

Tuigtear gaċ áit anois, naċ ḃfásann tionscail uaṫa ḟéin, in áit naċ raiḃ tionscal ariaṁ roiṁe, agus más ionṁolta go mbeiḋ tionscail ann, go gcaiṫfear pleanáil fána ċoinne.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.